



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

Corpoideachas

Gnáthleibhéal

Dé Máirt 29 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:30

170 marc

Scrúduimhir

----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Lá agus Mí do Bhreithe

----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

Stampa an Ionaid

--

Treoracha

Tá trí roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	Ceisteanna gearrfhreagra	40 marc
Roinn B	Cás-Staidéar	50 marc
Roinn C	Ceisteanna fada	80 marc

Freagair na ceisteanna mar a leanas:

- **cúig** cinn ar bith den dá cheist déag i Roinn A
- ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar
- **dhá** cheann ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáiléan a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Freagair **cúig** cheist ar bith as na ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12.

Ceist 1

- (a) Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas: fóillíocht agus caitheamh aimsire, agus spóirt oll-rannpháirtíochta.

Fóillíocht agus caitheamh aimsire
Spóirt oll-rannpháirtíochta

- (b) Tabhair samplaí an ceann de **dhá** phíosa trealamh sábháilteachta nach foláir a chaitheamh le linn a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe.

Gníomhaíocht choirp
Trealamh sábháilteachta 1
Trealamh sábháilteachta 2

Ceist 2

Tá roinnt modhanna cleachtaidh ar féidir le cóitseálaithe iad a úsáid le linn dóibh seisiúin scileanna a dhearadh i gcomhair gníomhaíocht choirp.

Agus tagairt á déanamh agat do **dhá** scil ainmnithe, tabhair breac-chuntas ar mhodh cleachtaidh éagsúil a d'fhéadfadh cóitseálaí a úsáid don dá scil.

Scil 1
Modh cleachtaidh
Scil 2
Modh cleachtaidh

Ceist 3

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

Cuir tic i mbosca **amháin** in aghaidh gach ceiste.

(a) Is sampla iad amfataimíní:

de phianmhúcháin ☐

de hormón fáis ☐

de spreagthaigh ☐

(b) Ceann de na fo-iarmhairtí féideartha a ghabhann le stéaróidigh anabalacha a úsáid is ea:

athruithe in iompar duine ☐

díhiodráitiú ☐

brú fola íseal ☐

(c) Glactar béite-bhlocálaithe chun:

pian a cheilt ☐

ráta croí a choinneáil íseal ☐

fás matán a mhéadú ☐

(d) An t-ainm a thugtar go coitianta ar líon na bhfuilcheall dearg a mhéadú ná:

instealladh fola ☐

dópáil fola ☐

reo fola ☐

Ceist 4

Ainmnigh agus mínigh **dhá** thoisc a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

1.
2.

Ceist 5



Fíor 1

Tá Deirdre ag imirt cluiche iomaíochta cispheile ar fhoireann a club. Tá sí ag cosaint in éadan an duine chéanna i gcaitheamh an chluiche ar fad.

Sainaithin **trí** rud faoina céile comhraic is cóir do Dheirdre a thabhairt faoi deara a d'fhéadfadh cabhrú léi cosaint níos fearr a dhéanamh agus seilbh na liathróide a fháil ar ais.

1.
2.
3.

Ceist 6

Tabhair breac-chuntas ar na tairbhí a ghabhann le téamh suas sula dtéitear i mbun gníomhaíocht choirp.

Ceist 7

Sainaithin trí phrionsabal a bhaineann le cleachtas eiticiúil i ngníomhaíocht choirp.

1.
2.
3.

Ceist 8

Mínigh cén fáth a gceadófaí Díolúine ar Mhaithe le hÚsáid Theiripeach (*TUE* i mBéarla) do lúthchleasaí.

Ceist 9

(a) Sainaithin **dhá** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte.

1.
2.

(b) Liostaigh **dhá** fho-iarmhairt a bhaineann le díhiodráitiú.

1.
2.

Ceist 10

(a) Ainmnigh tástáil atá in ann lúfaireacht a thomhas.

--

(b) Déan cur síos ar thástáil chun lúfaireacht a thomhas.

Más mian leat, féadfaidh tú léaráid anótáilte a úsáid chun cuidiú leat.

Ceist 11

Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, sainaithin **dhá** ról do ghníomhaithe agus **dhá** ról neamh-imeartha.

Ról ghníomhaí 1
Ról ghníomhaí 2
Ról neamh-imeartha 1
Ról neamh-imeartha 2

Ceist 12

(a) Céard is peidiméadar ann?

(b) Déan cur síos ar mhodh **amháin** eile chun eolas a bhailiú faoin méid gníomhaíochta coirp atá déanta, agus bíodh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh sin a úsáid san áireamh.

Modh
Buntáiste
Míbhuntáiste

Scrúdaigh an téacs, an íomhá agus an graf sa Chás-Staidéar thíos agus freagair ceist 13.




Fíor 2

Fíor 2. Simone Biles i mbun eitilte ar an mbíoma le linn Rio 2016.

Is gleacaí Meiriceánach í Simone Biles. Bhí sí ina curadh domhanda ceithre huaire, bhain sí trí cinn de bhoinn óir aonair Oilimpeacha, agus d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil sí ar dhuine de na gleacaithe is fearr a mhair riamh. Tá an ceannas a léiríonn sí bunaithe ar an máistreacht iomlán atá aici ar bhunscoil na gleacaíochta: tá déanamh beag uirthi - fráma 4 troithe 8 n-orlaí, ach tá sár-chumas lúthchleasaíochta agus cumhacht dhochreidte inti, maille le meáchanlár íseal, mar sin cruthaíodh í le bheith ina gleacaí gan sárú. Nuair a chuirtear leis an méid sin na sár-leibhéil dhianoibre a dhéanann sí, samhlaíocht iontach i dtaca lena ceird féin móide leibhéil ard-mheallacachta phearsantachta, tá sí gar do bheith dosháraithe.

Deirtear go mbaineann gleacaithe baineannacha buaic a bhfeidhmíochta amach ag 16 bliana d'aois. Is é sin an aois is óige ag a bhfuil cead acu a bheith san iomaíocht in imeachtaí ag leibhéal na sinsear, na Cluichí Oilimpeacha san áireamh. Dáiríre, ceaptar go sroicheann a lán gleacaithe baineannacha a mbuaic amach ag 12 bhliain d'aois. Cé go dtéann gleacaithe fireannacha i dtéagarthacht in aois a gcaithrithe agus iad láidre mar iomaitheoirí dá bharr, meastar gurb iondúil go mbíonn a bpiaraí baineannacha níos éifeachtúla agus iad ina bpáistí. "Is mian leat bheith éadrom san ionad gleacaíochta, is mian leat bheith bídeach," a deir Biles, a thosaigh measartha déanach ag 6 bliana d'aois. I gcás cailíní, nuair a shroichtear aois an chaithrithe, athraíonn an corp agus bíonn an ghleacaíocht níos deacra dá bharr.

D'fhreastail Biles ar ghnáthscoil go dtí go raibh sí sna déaga luatha. Ansin, de thairbhe dhéine a sceidil traenála bhí sé níos ciallmhaire di a cuid scolaíochta a fháil ag an halla gleacaíochta. Ní raibh sí sona le linn na tréimhse gairide a chaith sí ar an ardscoil. "Tá tú ag an aois sin nuair a bhíonn buachaillí sa rang agus téann tú go dtí damhsaí agus ag an am sin bhí sé soiléir," íslíonn sí a guth, "go raibh mé ar an bpáiste ba láidre sa scoil ar fad. Mar sin cheil mé mo chuid matán mar bhíodh na buachaillí ag stánadh orm agus deiridís, 'Ó, a thiarcais, amharc ar na matáin uirthi!'"



Fíor 3

Fíor 3. In 1997, socraíodh 16 bliana d’aois mar aois íosta do ghleacaithe atá ag iarraidh dul san iomaíocht ag leibhéal na sinsear. (*Fédération Internationale de Gymnastique, FIG*).

Tá Biles idir dhá chomhairle faoi dhul san iomaíocht i dTóiceo 2020 + 1 – “Níl a fhios agam an mbeinn in ann é a láimhseáil i mo chloigeann. Beidh sé deacair. Cheana féin bhí mé ag troid liom féin i m’intinn ce acu a bheinn in ann é a dhéanamh i mbliana. Ní mór dom éisteacht le m’intinn agus le mo chorp agus dul isteach sa halla gleacaíochta agus féachaint conas a airím.”

Tá an-mheas ag an ngleacaí Éireannach Rhys McClenaghan ar Simone Biles, agus dúirt sé an méid seo a leanas tar éis dó bualadh lena ghaiscíoch: “Bhí sé iontach a bheith ag caint léi toisc gur lúthchleasaí den chéad scoth í. Tá Simone chomh maith sin go dtiocfadh léi dul san iomaíocht in imeachtaí na bhfear, dul chomh fada leis na babhtaí deiridh agus boinn a thabhairt abhaile léi. Socraíonn sí caighdeán di féin nach bhfacthas cheana. Tá limistéar iomaíochta bainte amach aici nach raibh aon duine ann cheana, ach mar sin féin bíonn sí go seasta ag iarraidh feabhsú agus caighdeán níos airde a bhaint amach. Thiocfadh le Simone a bheith ag déanamh na ngnáthamh gleacaíochta céanna a rinne sí in 2014 agus ba leor sin chun an bua a fháil ach ina ionad sin coinníonn sí uirthi ag fairsingiú na línte teorann. D’fhéadfadh sí titim trí huaire agus fós an bua a bhreith léi. Tá mana ag a foireann, ‘Ná Séantar Thú’, agus sin mar atá di siúd – agus is mar sin is mian liom an cás a bheith domsa.”

Ceist 13**(50 marc)**

- (a)** Cad iad na tréithe a thaispeánann Simone Biles agus a bhfuil meas ag Rhys McClenaghan orthu?

- (b) (i)** Agus tagairt á déanamh agat don chás-staidéar, tabhair sampla den rialú sóisialta a dhéantar ar an gcorp.

- (ii) Mínigh conas a théann rialú sóisialta an choirp i bhfeidhm ar rannpháirtíocht na mban i ngníomhaíocht choirp agus i gcúrsaí spóirt.

- (c) (i) Cad é an phríomhdhifríocht, ó thaobh rannpháirtíochta de, idir na gleacaithe fireannacha agus na gleacaithe baineannacha i **bhFíor 3**?

- (ii) Agus tú ag tagairt don chás-staidéar, tabhair samplaí de na nithe a théann i gcion ar phatrúin rannpháirtíochta buachaillí agus cailíní i gcúrsaí gleacaíochta.

(d) Conas is féidir le scoth-lúthchleasaí tairbhe a bhaint as an tsíceolaíocht spóirt?

[illegible]

- (e) (i) Sainaithin **dhá** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht atá ag teastáil don ghleacaíocht. Déan tagairt don chás-staidéar chun tacú le do fhreagra.

1.
2.


- (ii) Mol bealaí chun na comhpháirteanna den corpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht a shainaithin tú i gceist **13 (e) (i)** a fhorbairt le linn traenála.

Freagair **dhá** cheist ar bith as na ceisteanna 14, 15, 16, 17 agus 18.

Ceist 14

(40 marc)

(a)



Fíor 4

(i) Cén plána gluaiseachta ina dtarlaíonn an cúlrolladh?

(ii) Agus tagairt á déanamh agat do ghníomhaíochtaí coirp ainmnithe, déan cur síos ar **dhá** ais ghluaiseachta de chuid chorp an duine.

Más mian leat, féadfaidh tú léaráid anótáilte a úsáid chun cuidiú leat.

1.	
2.	

(iii) Tarraing agus lipéadaigh léaráid chun luamhán den tríú aicme a léiriú.

--

(b) Sa tábla seo a leanas taispeántar na deich gclár is mó lucht féachana ar an teilifís in Éirinn in 2019.

Ionad	Clár
1	<i>The Late Late Show</i> - Seó na mBréagán
2	Cluiche Ceannais Peile na hÉireann (athimirt), Baile Átha Cliath v Ciarraí
3	Cluiche Ceannais Peile na hÉireann, Baile Átha Cliath v Ciarraí
4	6 Náisiún Beo, Éire v Sasana
5	Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann, Cill Chainnigh v Tiobraid Árinn
6	6 Náisiún Beo, Éire v An Fhrainc
7	Corn Rugbaí an Domhain 2019 Beo, An Nua-Shéalainn v Éire
8	<i>I'm A Celebrity Get Me Out Of Here</i>
9	Cluiche Leathcheannais Peile na hÉireann, Baile Átha Cliath v Maigh Eo
10	<i>Room to Improve</i>

(i) Cé mhéad clár spóirt atá ar liosta na deich gclár is mó lucht féachana?

(ii) Mol fáth a bhfuil na cláir spóirt sin ar liosta na deich gclár is mó lucht féachana.

(iii) Ainmnigh **dhá** shlí eile a ndéanann na meáin cúrsaí spóirt a chlúdach.

1.
2.

(iv) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thionchar dhearfacha ar rannpháirtíocht sa spórt a d'fhéadfadh teacht as clúdach na meán.

1.
2.
3.

Ceist 15

(40 marc)

- (a) I **bhFíor 5** taispeántar bianna atá ina ngnáth-fhoinsí carbaihiodráití.



Fíor 5

- (i) Cad is ualú carbaihiodráití ann agus cathain a d'úsáidfadh lúthchleasaí é?

- (ii) Agus tagairt á déanamh agat do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, tabhair breac-chuntas ar na tosca cothaithe atá le cur san áireamh ag gníomhaí le linn na ghníomhaíochta sin.

- (b)** Comhlánaigh an tábla thíos. Luaigh an ról atá ag gach forlíonadh agus an dúshlán a bhaineann lena úsáid.

Forlíonadh	Ról	Dúshlán
Próitéin		
Créitín		

- (c) (i)** Cé na ról a bhíonn ag Comhlacht Náisiúnta Rialaithe agus cé na freagrachtaí a bhíonn air?

- (ii) Conas is féidir le ceachtanna Corpoideachais cuidiú le leibhéal rannpháirtíochta daoine óga i ngníomhaíocht choirp a ardú?

- (iii) Déan cur síos ar thionscnamh **amháin** ar bhonn náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm aige gníomhaíocht choirp sna scoileanna in Éirinn a fheabhsú.

Ceist 16**(40 marc)**

- (a)** Sula ndéanfaí aon tástáil chorpacmhainne, sainaithin **trí** sheiceáil is cóir don tástálaí a chomhlíonadh ar dtús.

1.
2.
3.

- (b) (i)** Mínigh cén fáth a bhfuil an téarnamh ina chuid riachtanach de phlean traenála.

- (ii)** Déan cur síos ar **dhá** straitéis a úsáidtear chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh traenála.

1.
2.

- (c) Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, tarraing aird ar na hathruithe sa teicneolaíocht a d'fhéadfadh a bheith tar éis tionchar dearfach agus tionchar diúltach a imirt ar an ngníomhaíocht choirp sin.
- I do fhreagra, ní ceadmhach úsáid a bhaint as teicneolaíocht na gcóras suite domhanda (GPS i mBéarla) ná as teas-léaráidí.

(d)

Roinneann Phelps an bonn airgid sa snámh féileacáin 100

Gnóthaíonn Ledecky curiarracht
dhomhanda i snámh saorstíle 800
na mban

Fíor 6

Sháraigh Katie Ledecky curiarracht. Bhuaigh Michael Phelps bonn airgid. Meas tú cé a bhain an cheannlíne amach?

Ní hamháin gur ghnóthaigh Katie Ledecky curiarracht dhomhanda nua i rás saorstíle 800 m na mban, ach anuas air sin ba í an chéad bhean í a bhuaigh an bonn óir sna rásaí saorstíle 200 m, 400 m, agus 800 m ó rinne Debbie Meyer amhlaidh in 1968. Ach trí scéala churiarrachtaí ollmhóra Ledecky a fhoilsiú i gcló i bhfad níos lú ná an cló a úsáideadh sa tuairisc faoi bhonn airgid Phelps, chuir an nuachtán an chuma ar an scéal go mbaineann tábhacht níos mó le feidhmíocht réasúnta maith ó fhear ná éachtaí stairiúla a dhéanann bean.

Conas a théann clúdach den sórt sin ó na meáin i bhfeidhm ar mhná sa spórt?

Ceist 17

(40 marc)

(a) (i) Sainmhínigh scil.

(ii) Agus tagairt á déanamh agat do scil áirithe i ngníomhaíocht choirp ainmnithe, úsáid **X** agus sainaithin an áit a gcuirfeá an scil sin ar gach ceann de na scil-leanúntais thíos.

Gníomhaíocht choirp
Scil



(b)




Fíor 7

- (i) Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, déan plé ar an dóigh a bhféadfadh an díriú meabhrach dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht lúthchleasaí sa ghníomhaíocht choirp sin.

- (ii) Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht choirp ainmnithe, tabhair breac-chuntas ar straitéis a d'fhéadfadh gníomhaí a úsáid chun feabhas a chur ar a d(h)íriú meabhrach le linn comórtais sa ghníomhaíocht choirp sin.

(c) (i) Lipéadaigh na cineálacha coirp a thaispeántar i **bhFíor 8**.



Fíor 8

(ii) I gcás ceann **amháin** de na cineálacha coirp a shainaithin tú i gceist **17 (c) (i)**, tabhair sampla de ghníomhaíocht choirp a mbeadh duine ag a bhfuil an cineál coirp sin rannpháirteach ann.

Cineál coirp
Gníomhaíocht choirp

- (d) Úsáidtear an focal mórcheannas chun tagairt don fhorlámhas a bhíonn ag grúpa amháin os cionn grúpa eile, le linn dó tacaíocht a fáil trí ghnásanna agus smaointe dlisteanaithe. Mar shampla, d’imir fir na hÉireann a gcéad chluiche Idirnáisiúnta rugbaí in 1875. D’imir foireann ban na hÉireann a gcéad chluiche Idirnáisiúnta rugbaí in 1993. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb shainiúla a chruthaíonn mórcheannas sa spórt agus gníomhaíocht choirp.

1.
2.

Ceist 18**(40 marc)**

(a) (i) Sainmhínigh gníomhaíocht choirp.

(ii) Déan cur síos ar na tairbhí sóisialta don tsláinte agus folláine a bhaineann le gníomhaíocht choirp.

(b) Mar chuid de do rang Corpoideachais Ardteistiméireachta d’eagraigh tú imeacht/ taispeántas i ngníomhaíocht choirp.

(i) Sainaithin **ceithre** ról nach mór a chomhlíonadh le go n-éireoidh leis an imeacht/taispeántas sin.

1.
2.
3.
4.

- (ii) Agus tagairt á déanamh agat don ghníomhaíocht choirp a bhí i gceist san imeacht/taispeántas sin, mínigh rialacha na gníomhaíochta coirp sin.

- (iii) Cad iad na bearta sábháilteachta a chuir tú san áireamh sula ndearnadh an t-imeacht/an taispeántas a reáchtáil?

(c)

Aaron Connolly. Éire v An Bhulgáir.

Ionad: Cliathánaí

Nóiméid imeartha: 90

Fad clúdaithe: 9,777 m

Fad reatha ard-luais: 963 m


Uaslúas: 33.23 km/uair

Teas-Léaráid *GPS*

Dearg: limistéir den pháirc inar chaith Aaron an chuid ba mhó dá chuid ama.

Buí: limistéir den pháirc inar chaith Aaron roinnt ama.

Glas: limistéir den pháirc inar chaith Aaron an chuid ba lú dá chuid ama.



Fíor 9

I **bhFíor 9** taispeántar teas-léaráid *GPS* le haghaidh Aaron Connolly, imreoir sacair ar fhoireann na hÉireann, le linn cluiche i gcoinne na Bulgáire i sraith na náisiún de chuid Aontas Chumainn Sacair na hEorpa (*UEFA* i mBéarla). Sa téacs a ghabhann leis an teas-léaráid, cuirtear sonraí eile a bailíodh le teicneolaíocht *GPS* ar fáil.

(i) Cén sórt eolais atá ar fáil i **bhFíor 9**?

- (ii) Conas is féidir le cóitseálaí an t-eolas sin a úsáid ar mhaithe leis an ghníomhaí agus chun go mbeidh bonn eolais ar fáil di le linn pleananna traenála a chur le chéile don ghníomhaí amach anseo?

Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

[illegible]

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

[illegible]

Admhálacha

Íomhánna

Íomhá ar leathanach 5: <https://www.basketballireland.ie/news-detail/10066806/> (Rochtain déanta: 25 Meán Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 10: <https://www.insider.com/simone-biles-racism-in-gymnastics-opponent-alludes-to-blackface-2020-3> (Rochtain déanta: 28 Deireadh Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 16: <https://gymnasticszone.com/beginner-backward-roll-safety-concerns/backward-roll/> (Rochtain déanta: 23 Nollaig 2020)

Íomhá ar leathanach 19: <https://hsph.harvard.edu/nutritionsource/carbohydrates/> (Rochtain déanta: 24 Feabhra 2021)

Íomhá ar leathanach 24: Paul Newberry, Associated Press, Bryan College Station Eagle (Rochtain déanta: 12 Meán Fómhair 2020)

Íomhá ar leathanach 26: <https://gwtoday.gwu.edu/gw-sports-teams-back-action> (Rochtain déanta: 23 Meitheamh 2020).

Íomhá ar leathanach 27: <https://www.muscleandstrength.com/articles/body-types> (Rochtain déanta: 23 Nollaig 2020)

Íomhá ar leathanach 31: Tweet @FAIreland, 4 Meán Fómhair 2020, teasléaráid arna cumhachtú @statsports (Rochtain déanta: 28 Meán Fómhair 2020)

Téacsanna

Téacs ar leathanach 10: Brockes, Emma (2019) <https://www.theguardian.com/sport/2019/mar/16/simone-biles-therapy-times-didnt-want-set-foot-gym> (Rochtain déanta: 23 Nollaig 2020)

Téacs ar leathanach 10: curtha in oiriúint ó <https://www.olympicchannel.com> (Rochtain déanta: 13 Meán Fómhair 2020)

Téacs ar leathanach 11: curtha in oiriúint ó Simone Biles i gcomhrá le Juliet Macur, 2020 (Rochtain déanta: 13 Meán Fómhair 2020)

Téacs ar leathanach 11: curtha in oiriúint ó Kelly, David (2020) *Legend Simone Biles is my inspiration in quest to bring home Tokyo gold: Rhys McClenaghan*. <https://belfasttelegraph.co.uk> (Rochtain déanta: 23 Nollaig 2020)

Téacs ar leathanach 17: <https://about.rte.ie/2020/01/13/rte-shows-clinch-42-spots-in-top-50-most-watched-of-2019/> (Rochtain déanta: 25 Deireadh Fómhair 2020)

Téacs ar leathanach 24: Emily Crockett on vox.com (Rochtain déanta: 12 Meán Fómhair 2020)

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdairithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

Corpoideachas

Dé Máirt 29 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:30